An Eacnamaíocht

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin tslí a mbeidh eacnamaíocht na tíre seo thíos le Brexit. Sula bhféachann tú ar an tuairisc áfach, an féidir leat féin agus an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na focail seo?



Economic & Social Research Institute: _____
deal: _____
Treasury: _____
economy: _____
economic implications: _____
output: _____
the economic crisis: _____
loss: _____
till the end of time: _____
forecasting: _____
consumer goods: _____
competition: _____

Ceist 2 Agus na focail thuas as Gaeilge agaibh anois, an féidir libh buille faoi thuairim a thabhairt faoi ábhar na míre? Féachaigí ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 3 Cén fáth ar luadh na figiúirí seo a leanas sa mhír? Pléigh na tuairimí atá agat leis an duine in aice leat.

- seacht billiún go leith euro
- 2.6%
- 4.8%
- 5%
- idir €8 agus €15 billiún
- €64 billiún
- 80,000
- €2 billiún

Ceist 4 '…a imeoidh…'

1. Éist leis an mír arís agus breac síos gach sampla den aimsir fháistineach a chloiseann tú inti.
2. Bain úsáid as na briathra seo, a bhí sa mhír, chun na deirí cuí a bhaineann leis an aimsir fháistineach a chur in iúl. Bíodh an saorbhriathar agat freisin.

Fulaing	Ardaigh	Géaraigh	Caill

3. Cum ceisteanna leis na briathra thuas bunaithe ar an mír agus cuir ar an duine in aice leat iad.

Ceist 5 Aimsigh na focail sa mhír a raibh an chiall chéanna acu leis na cinn seo thíos:

- thíos le
- gnóthas
- bhí ar
- níos mó ar fad
- uafásach
- i gceann
- ag tabhairt réamhaisnéise

Cuir in abairtí iad lena mbrí a léiriú.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna thíos leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Conas a chuirfidh Breatimeacht isteach ortsa nó ar do theaghlach?
2. Ar cheart d'Éirinn an Bhreatain a leanúint agus an tAontas Eorpach a fhágáil? Pléigh.
3. Cén fáth ar vótáil níos mó ná leath de mhuintir na Breataine ar son Breatimeachta, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Economic & Social Research Institute:	*Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta*
deal:	*margadh*
Treasury:	*Státchiste*
economy:	*geilleagar*
economic implications:	*impleachtaí eacnamaíochta*
output:	*aschur*
the economic crisis:	*an ghéarchéim eacnamaíochta*
loss:	*caillteanas*
till the end of time:	*go deo na ndeor*
forecasting:	*ag tuar*
consumer goods:	*earraí tomhaltais*
competition:	*iomaíocht*

Ceist 2

Féach an script.

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

1. go mbeidh x 5, imeoidh, go ndéanfar, a bheidh x 2, beidh x 2, déarfaidh, go gcaillfear, leanfaidh, go n-ardóidh, a ghéaróidh.
2. Féach:

Fulaing	Ardaigh	Géaraigh	Caill
fulaingeoidh mé	ardóidh mé	géaróidh mé	caillfidh mé
fulaingeoidh tú	ardóidh tú	géaróidh tú	caillfidh tú
fulaingeoidh sé/sí	ardóidh sé/sí	géaróidh sé/sí	caillfidh sé/sí
fulaingeoimid	ardóimid	géaróimid	caillfimid
fulaingeoidh sibh	ardóidh sibh	géaróidh sibh	caillfidh sibh
fulaingeoidh siad	ardóidh siad	géaróidh siad	caillfidh siad
fulaingeofar	ardófar	géarófar	caillfear
An bhfulaingeoidh sé? Fulaingeoidh Ní fhulaingeoidh	An ardóidh sí? Ardóidh Ní ardóidh	An ngéaróidh sé? Géaróidh Ní ghéaróidh	An gcaillfidh sí? Caillfidh Ní chaillfidh

3. Féach thuas.

Ceist 5

thíos le – siar go mór le
gnóthas – gnólacht
bhí ar – b'éigean do
níos mó ar fad – i bhfad Éireann níos mó
uafásach – tubaisteach
i gceann – faoi cheann
ag tabhairt réamhaisnéise – ag tuar

Ceist 6

Is féidir leis na daltaí an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí.

Eimear Ní Chonaola
Deir an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta go mbeidh an tír seo siar go mór leis, nuair a imeoidh an Bhreatain as an Aontas Eorpach, bíodh margadh ann nó ná bíodh.

Deir an Institiúid go ndéanfar dochar don Státchiste, do chúrsaí fostaíochta, do ghnólachtaí agus do theaghlaigh. Agus go mbeidh costas suas le seacht billiún go leith euro i gceist don gheilleagar i mbliana.

Peadar Mac Gaoithín
Sa staidéar seo fiosraíonn an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta, an ESRI, na himpleachtaí eacnamaíochta a bheidh ann don tír seo má fhágann an Bhreatain an tAontas Eorpach.

Deich mbliana i ndiaidh don Bhreatain an tAontas Eorpach a fhágáil, deirtear sa staidéar go mbeidh aschur sa gheilleagar thíos leis, cibé bealach a fhágann an Bhreatain. Beidh aschur 2.6% níos ísle má dhéantar margadh. 4.8% níos ísle gan mhargadh agus 5% níos ísle i gcás Breatimeacht crua ná mar a bheadh dá bhfanfadh an Bhreatain san Aontas Eorpach.

Is ionann é seo agus costas d'idir 8 agus 15 billiún euro in airgead an lae inniu don gheilleagar in 2028 amháin.

An tOllamh Brian Ó Ceallaigh, Saineolaí Airgeadais
I gcás na géarchéime eacnamaíochta, b'éigean don tír seo, don Rialtas, 64 billiún a chur isteach sna bainc, agus gan amhras is caillteanas soiléir, iomlán é sin. Déarfaidh an ESRI, an cás is measa, go gcaillfear céad billiún thar thréimhse deich mbliana sa chás seo. Agus gan amhras, leanfaidh sé ar aghaidh go deo na ndeor, chomh fada is a fhanann an Bhreatain lasmuigh den Aontas Eorpach. Dá bhrí sin, beidh sé i bhfad Éireann níos mó ná an caillteanas a fulaingíodh i rith na géarchéime eacnamaíochta agus bhí sí sin tubaisteach go maith, mar is eol dúinn.

Peadar Mac Gaoithín
Measann an Institiúid go mbeidh suas le hochtó míle níos lú post ann faoi cheann deich mbliana, sa chás gur Breatimeacht crua a bheidh i gceist.

Pearse Doherty, TD, Urlabhraí Airgeadais Shinn Féin
Níl muidne sásta go bhfuil an obair bhaile déanta ag an Rialtas. Chuir muidne chun tosaigh polasaí, mar shampla, go mbeadh dhá billiún euro de *fund*[1] ansin le dul i ngleic le fadhbanna Brexit. Ach, níl an Rialtas seo sásta glacadh leis sin.

Peadar Mac Gaoithín
Tá an Institiúid ag tuar fosta go n-ardóidh costas earraí tomhaltais agus go mbeidh brú ann tuarastail a ísliú de réir mar a ghéaróidh iomaíocht i measc comhlachtaí.

Peadar Mac Gaoithín, Nuacht TG4.

[1] *ciste*